Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Bealtaine 2021
(OR. en)

8396/21

COPS 174
POLMIL 61
CIVCOM 72
EUMC 98
CFSP/PESC 447
CSDP/PSDC 228
HYBRID 24
DISINFO 11

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8280/21 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Slándáil agus Cosaint |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le Slándáil agus Cosaint a d'fhormheas an Chomhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 10 Bealtaine 2021.

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE SLÁNDÁIL AGUS COSAINT

1. Á mheabhrú di conclúidí maidir le slándáil agus cosaint an 17 Meitheamh 2020 uaithi, i dteannta an ráitis ó Chomhaltaí na Comhairle Eorpaí an 26 Feabhra 2021, tá rún daingean ag an gComhairle go fóill dul ar aghaidh le cur chun feidhme chlár oibre an Aontais maidir le slándáil agus cosaint chun bheith níos freagraí as a shlándáil féin. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí Clár Oibre Straitéiseach 2019-2024 a chur chun feidhme trí ghníomhaíocht níos straitéisí a shaothrú agus trí acmhainneacht an Aontais gníomhú go neamhspleách a mhéadú. Cuirfidh an tAontas a chuid leasanna agus luachanna chun cinn, treiseoidh sé a athléimneacht agus a ullmhacht i dtaca le bagairtí agus dúshláin slándála a ghleic go héifeachtach agus cuirfidh sé síocháin agus slándáil chun cinn. Fanann an tAontas tiomanta feabhas a chur ar a chumas gníomhú mar sholáthraí slándála domhanda trína rannpháirtíocht oibríochtúil, go háirithe misin agus oibríochtaí CBSC, chomh maith le comhar slándála agus cosanta a dhoimhniú idir na Ballstáit, infheistíocht sa chosaint a mhéadú agus feabhas a chur ar fhorbairt cumais shibhialta agus mhíleata agus ullmhacht oibríochtúil laistigh den Aontas. Ina theannta sin, tá sé de rún daingean ag an Aontas comhoibriú go dlúth lena chomhpháirtithe, go háirithe príomheagraíochtaí idirnáisiúnta agus príomh-chomhpháirtithe réigiúnacha. Rachaidh Aontas atá níos láidre maidir le slándáil agus cosaint chun tairbhe don chomhar domhanda agus trasatlantach, ach an comhar sin a bheith bunaithe ar ord idirnáisiúnta riailbhunaithe, agus iltaobhachas éifeachtach, a bhfuil na Náisiúin Aontaithe ag a chroílár. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thiomantas do dhlúthchomhar a dhéanamh le ECAT, i gcomhréir le Ráiteas ó Chomhaltaí na Comhairle Eorpaí an 26 Feabhra 2021.

   I bhfianaise éagobhsaíocht dhomhanda atá ag dul in olcas, cuireann an Chomhairle i dtreis gur tugadh céimeanna suntasacha agus cuireann sí i dtábhacht freisin nach mór na cúraimí agus na tionscnaimh a seoladh go háirithe ó 2016 i leith a chur chun feidhme go hiomlán mar obair leantach ar Straitéis Dhomhanda an Aontais agus, chomh maith leis sin, feabhas a chur ar bheartais, uirlisí agus ionstraimí slándála agus cosanta.

2. Is díol sásaimh don Chomhairle na hiarrachtaí leanúnacha atáthar a dhéanamh ionsar Chompás Straitéiseach uaillmhianach inghníomhaithe lena mbainfear an leas is fearr as bosca uirlisí iomlán an Aontais lena n-áirítear beartais, uirlisí agus ionstraimí sibhialtacha agus míleata. Leis an gCompás Straitéiseach feabhsófar agus treorófar cur chun feidhme an leibhéil uaillmhéine sa limistéar slándála agus cosanta arna chomhaontú i mí na Samhna 2016 i gcomhthéacs Straitéis Dhomhanda an Aontais. Rannchuideoidh an obair sin le comhchultúr Eorpach slándála agus cosanta a fhorbairt, a bhunófar ar ár luachanna agus ar ár gcuspóirí comhroinnte agus lena n-urramófar cineál sonrach bheartais slándála agus chosanta na mBallstát. Chun na críche sin, saineofar leis an gCompás Straitéiseach treoshuímh bheartais agus spriocanna agus cuspóirí sonracha amach uaidh seo go ceann idir a cúig agus a deich de bhlianta i réimsí amhail bainistiú géarchéime, athléimneacht, forbairt cumais agus comhpháirtíochtaí. Áireofar amlínte sonracha ann chun rannchuidiú le cur chun feidhme tapa agus athbhreithniú rialta, ar an leibhéal polaitiúla, a éascú.

3. Sa chomhthéacs sin, aithníonn an Chomhairle go soláthraíonn an chéad anailís chuimsitheach 360 céim riamh arna déanamh ag Acmhainneacht Anailíse Faisnéise Aonair an Aontais, bunaithe ar ionchuir chríochnúla ó sheirbhísí faisnéise na mBallstát agus a cuireadh faoi bhráid na mBallstát i mí na Samhna 2020, rannchuidiú tábhachtach chun an Compás Straitéiseach a fhorbairt, i dteannta ionchur eile. Aithníonn sí gur cheart teacht as an gcéadtaithí luachmhar sin agus as na ceachtanna a foghlaimíodh, próiseas níos rialta agus níos cuimsithí maidir le hanailísí faisnéise ar bhagairtí agus ar dhúshláin don Aontas, bunaithe ar ionchuir dheonacha ó na Ballstáit. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá an machnamh leanúnach neamhfhoirmiúil atá na Ballstáit a dhéanamh eatarthu mar chuid de chéim an idirphlé straitéisigh. Iarrann sí ar an Ardionadaí an chéad dréacht den Chompás Straitéiseach a chur faoi bhráid na Comhairle lena phlé i mí na Samhna 2021, d'fhonn go nglacfadh na Ballstáit é i mí an Mhárta 2022, i gcomhréir le Ráiteas ó Chomhaltaí na Comhairle Eorpaí an 26 Feabhra 2021.

4. Á mheabhrú di an tacaíocht luachmhar ó fhórsaí armtha na mBallstát leis na húdaráis shibhialtacha i gcomhthéacs phaindéim COVID-19, cuireann an Chomhairle i dtábhacht a thábhachtaí atá comhordú míleata sibhialta chun tacú le fóirithint tubaistí agus cúnamh daonnúil. Iarrann sí ar SEGS agus seirbhísí an Choimisiúin rannchuidiú a thuilleadh le hullmhacht agus le hathléimneacht fhoriomlán an Aontais, lena n-áirítear go háirithe tríd an gcosaint shibhialta, agus inniúlachtaí na mBallstát á n-urramú, leis na sainorduithe atá ann cheana féin agus leis an tógáil ar an obair a rinneadh agus an obair atá faoi réir ionchur agus treoir bhreise a chuirfidh na Ballstáit ar fáil.

5. Agus tábhacht an chúnaimh fhrithpháirtigh agus na dlúthpháirtíochta á n-athdhearbhú i gcomhréir le hAirteagal 42(7) CAE agus Airteagal 222 CFAE aici, is díol sásaimh don Chomhairle an obair atá ag dul ar aghaidh agus an dul chun cinn a rinneadh ionsar chomhthuiscint neartaithe maidir le cur chun feidhme Airteagal 42(7) CAE, go háirithe trí chleachtaí barr boird agus pléití beartais cásbhunaithe. Tá sí ag súil le doiciméad a bheith ann ina gcomhdhlúthófar na ceachtanna a sainaithníodh as measc na gcleachtaí sin agus na bpléití beartais cásbhunaithe sin le cur faoi bhráid na mBallstát roimh dheireadh na bliana. Iarrann an Chomhairle go ndéanfaí tuilleadh machnaimh agus tuilleadh cleachtaí freisin, lena n-áirítear maidir le gné na cibearshlándála, lena léirítear an dlúthpháirtíocht idir na Ballstáit. Meabhraítear don Chomhairle go bhfuil na hoibleagáidí ar na Ballstáit a eascraíonn as Airteagal 42(7) CAE gan dochar do thréithiúlacht shonrach bheartas slándála agus cosanta Ballstát áirithe. Meabhraítear di freisin gurb é ECAT bunchloch na cosanta comhchoitinne i gcónaí i gcás na Stát sin atá mar bhall de.

6. Cuireann an Chomhairle i dtreis an athuair an tionchar a bhíonn ag saincheisteanna comhshaoil agus ag an athrú aeráide ar shlándáil agus cosaint, agus iarrann sí go gcuirfí an Treochlár Comhpháirteach um Athrú Aeráide agus Cosaint i bhfeidhm i gcomhréir le Conclúidí ón gComhairle an 25 Eanáir 2021 maidir leis an Taidhleoireacht Aeráide agus Fuinnimh. I ndáil leis an méid sin, athdhearbhaíonn an Chomhairle an gá atá le dlúthchomhar leis na Ballstáit agus deiseanna comhair is dlúithe a shaothrú le comhpháirtithe idirnáisiúnta ábhartha amhail na Náisiúin Aontaithe, ECAT, ESCE agus an tAontas Afracach. Tathantaíonn sí ar an Ballstáit rannchuidiú trí ghníomhaíochtaí nithiúla a dhéanamh agus iarrann sí ar an Ardionadaí, ag gníomhú dó freisin ina cháil mar Leas-Uachtarán an Choimisiúin agus mar Cheann na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint an chéad nuashonrú bliantúil a sholáthar maidir leis an bpróiseas cur chun feidhme sa chéad seimeastar de 2022.

7. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a gealltanais i leith Phlean an Aontais maidir le Mná, Síocháin agus Slándáil. Leanfaidh sé de chur chun feidhme Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a chur chun cinn agus ar an mbonn sin déanfaidh sé gné na hinscne a phríomhshruthú i ngach gníomhaíocht shibhialtach agus mhíleata CBSC, agus béim ar leith á leagan ar líon na mban i ngach feidhm, lena n-áirítear poist cheannaireachta. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thiomantas do Phlean Gníomhaíochta AE maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar shibhialtaigh a chosaint agus ar leanaí a chosaint i gcoinbhleachtaí armtha, i gcomhréir leis na treoirlínte ábhartha, lena n-áirítear i Misin agus Oibríochtaí CBSC.

**Rannpháirtíocht oibríochtúil an Aontais idir shibhialta agus mhíleata a fheabhsú**

8. Tá feabhas suntasach curtha ag an Aontas ar a acmhainneacht oibríochtúil agus ar a lorg oibríochtúil le blianta beaga anuas. Cuireann an Chomhairle i dtreis rannchuidiú ríthábhachtach an 11 cheann de mhisin sibhialtacha agus na 6 cinn d'oibríochtaí míleata de chuid CBSC i dtaca le síocháin agus slándáil dhomhanda, faoi chuimsiú chur chuige comhtháite an Aontais i leith coinbhleachtaí agus géarchéimeanna seachtracha, agus dá bharr sin i leith shlándáil an Aontais agus a chuid saoránach. Iarrann an Chomhairle go bhfeabhsófaí a thuilleadh stóinseacht agus solúbthacht ghealltanais oibríochtúla shibhialtacha agus mhíleata an Aontais chun a n-éifeachtacht a mhéadú, agus chun a áirithiú freisin go méadófar ullmhacht acmhainneachtaí sibhialtacha agus míleata an Aontais chun freagairt ar ghéarchéimeanna práinneacha. Ina theannta sin athdhearbhaíonn sí agus cuireann sí i dtábhacht an géarghá go soláthródh na Ballstáit dóthain acmhainní agus pearsanra do gach misean agus oibríocht CBSC, agus go bhfuil an fhreagracht orthu ina leith sin, chun a áirithiú go gcuirfidís a gcuid sainorduithe chun feidhme go héifeachtach agus go mbeadh gníomhaíocht an Aontais inchreidte, agus iarrann sí go bhféachfaí a thuilleadh ar dhreasachtaí a fhorbairt chun giniúint fórsaí a fheabhsú.

Iarrann an Chomhairle freisin go ndéanfaí tuilleadh oibre chun a áirithiú gur féidir leis an Aontas tabhairt faoi na cineálacha Misean agus Oibríochtaí CBSC ar a ndéantar cur síos i Leibhéal Uaillmhéine 2016 ar fud réimse iomlán na gcúraimí bainistithe géarchéime, agus iarrann sí go ndéanfaí tuilleadh machnaimh maidir leis an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as Airteagal 44 CAE, agus go bhféachfaí ar fhéidearthachtaí le haghaidh próiseas cinnteoireachta tráthúil éifeachtúil. Molann sí go ndéanfaí comhar níos dlúithe agus go bhforbrófaí naisc idir rannpháirtíochtaí oibríochtúla na mBallstát agus misin agus oibríochtaí CBSC, ag féachaint do shainorduithe agus do chuspóirí an Aontais, mar aon le próisis chinnteoireachta de chuid an Aontais, agus iarrann sí go ndéanfaí tuilleadh machnaimh ar an ábhar sin.

9. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn leanúnach atá á dhéanamh maidir le sainordú EUTM Mali a chur chun feidhme agus maidir lena chomhar níos dlúithe le EUCAP SAHEL Mali agus le EUCAP SAHEL Niger, i gcomhréir le réigiúnú ghníomhaíochtaí sibhialtacha agus míleata CBSC sa tSaiheil, mar aon leis na hiarrachtaí a rinneadh faoi chuimsiú níos leithne na Comhghuaillíochta don tSaiheil. Cuireann sí i dtreis a thábhachtaí atá sé go dtabharfaí tacaíocht mhear nithiúil do chomhpháirtithe áitiúla i lár Mhailí agus Bhuircíne Fasó mar ábhar tosaíochta, agus sa Nígir freisin. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin comhtháthú an Chomh-thascfhórsa Oibríochtaí Speisialta Gazelle in EUTM Mali. Iarrann sí go n-áireofaí cúraimí meantóireachta i misin oiliúna míleata CBSC, i gcás inarb iomchuí.

I gcomhréir leis na Conclúidí ón gComhairle maidir le Corn na hAfraice, athdhearbhaíonn an Chomhairle gealltanas an Aontais raon iomlán a chuid uirlisí agus beartas a shlógadh chun tacú lena thosaíochtaí straitéiseacha sa réigiún. Sa chomhthéacs sin, cuireann an Chomhairle chun suntais rannchuidiú shainordú neartaithe EUNAVFOR Atlanta le tiomantas leanúnach an Aontais do shíocháin agus slándáil i gCorn na hAfraice, athdhearbhaíonn sí gur géarghá na cumais dá bhforáiltear a thabhairt mar thacaíocht do EUTM Somalia chun gur féidir leis an misean sin a shainordú a chomhlíonadh. Aithníonn sí freisin a thábhachtaí atá sé oibríocht EUFOR Althea a bheith i láthair go fóill sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin an síneadh breise a cuireadh le sainordú EUAM Ukraine go ceann trí bliana eile agus rannchuidiú feabhsaithe a cheithre oifig allamuigh. Ina theannta sin, is díol sásaimh di athnuachan sainordú EUMM Georgia agus go háirithe an neart a cuireadh lena chumais anailíseacha.

10. Is díol sásaimh don Chomhairle athnuachan shainordú Irini d'Oibríocht EUNAVFOR MED go ceann 2 bhliain go dtí an 31 Márta 2023. I gcomhréir leis na rúin ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, leanfaidh Oibríocht Irini de bheith ag cuidiú le trádbhac arm na Náisiún Aontaithe ar an Libia a chur chun feidhme agus beidh sí ina bac ar gháinneáil ar airm, déanfar léi cigireachtaí agus faireachán ar ghníomhaíochtaí amhrasta ar bhealach neamhchlaonta agus éifeachtach[1]. I ndáil leis an méid sin, leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá Rún 2570 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus athnuachan Rún 2292(2016) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Iarrann sí ar gach Stát brataí gníomhú de mheon macánta agus comhoibriú leis na cigireachtaí a dhéanann sócmhainní na hOibríochta agus iarrann sí ar na Stáit uile dlús a chur lena n-iarrachtaí sáruithe ar an trádbhac a chosc go héifeachtach. Cuireann sí i bhfios go láidir go bhfuil rún daingean aici cur le forfheidhmiú éifeachtach Rún 2292 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus rúin ina dhiaidh sin agus iarrann sí ar SEGS i gcomhar le hOibríocht Irini an chumarsáid straitéiseach a neartú a thuilleadh. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil an tAontas sásta cur le fothú acmhainneachta agus oiliúint Gharda Cósta agus Chabhlach na Libia trí Oibríocht Irini agus, *inter alia*, Ciste Iontaobhais an Aontais don Bhainistiú Géarchéime san Afraic (EUTF), lena n-áirítear, i measc nithe eile, clár an Choimisiúin dar teideal Tacaíocht don Bhainistiú Comhtháite Teorainneacha agus Imirce sa Libia (SIBMMIL). Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil an tAontas tiomanta leanúint de thacú leis an bpróiseas síochána atá faoi stiúir na Náisiún Aontaithe trí Chur Chuige Comhtháite an Aontais. Is díol sásaimh di freisin láithreacht mharthanach EUBAM na Libia sa tír agus iarrachtaí an mhisin agus an méid atá bainte amach ag an misean chun tacú le húdaráis na Libia maidir le bainistiú teorainneacha, forfheidhmiú an dlí agus ceartas coiriúil.

[1] I gcomhréir le Rún 1970 (2011) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus Rúin ina dhiaidh sin, lena n-áirítear Rún 2292 (2016) agus Rún 2526 (2020) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.

11. Á thabhairt dá haire go bhfuil an nasc idir gnéithe slándála inmheánacha agus seachtracha níos ábhartha anois ná riamh, iarrann an Chomhairle go ndéanfaí iarrachtaí feabhsaithe chun feabhas a chur ar shineirgí idir beartais inmheánacha agus sheachtracha an Aontais agus idir gníomhaithe CBSC agus CGB chomh maith. Cuireann sí i dtreis freisin a thábhachtaí atá sé feasacht agus freagrúlacht an Aontais a fheabhsú ag gach céim de thimthriall na coinbhleachta – ón luathrabhadh agus cosc coinbhleachtaí go dtí bainistiú géarchéime, cobhsaíocht agus cothú na síochána. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin an obair leanúnach atá á déanamh chun feabhas a chur ar athléimneacht mhisin agus oibríochtaí CBSC agus ar an gcumas atá ann cur i gcoinne, *inter alia*, bagairtí hibrideacha, cibirionsaithe agus feachtais bhréagaisnéise, go háirithe i dtimpeallachtaí slándála atá ag dul in olcas, agus iarrann sí go mbeadh straitéisí cumarsáide comhordaithe ann, chomh maith le comhordú agus comhar sibhialtach agus míleata feabhsaithe, lena n-áirítear i réimsí amhail aslonnú leighis agus aslonnú straitéiseach.

12. Is díol sásaimh don Chomhairle gur bunaíodh an tSaoráid Eorpach Síochána agus go rannchuideoidh an tsaoráid amach anseo le ról an Aontais mar sholáthraí slándála domhanda a neartú trí thacaíocht chuimsitheach mhíleata agus tacaíocht a bhaineann leis an gcosaint a thairiscint do chomhpháirtithe agus trí na bearnaí atá ann cheana i réimse an fhothaithe acmhainneachta a líonadh, go háirithe, *inter alia*, trí threalamh míleata a sholáthar laistigh den chreat a comhaontaíodh. Meabhraítear di freisin raon feidhme geografach domhanda na Saoráide Eorpaí Síochána agus a thábhachtaí atá sé leanúnachas agus comhchuibheas a áirithiú leis na gníomhaíochtaí atá ann cheana, chomh maith le gníomhaíochtaí nua a sheoladh, i gcomhréir le Cur Chuige Comhtháite an Aontais. Beidh measúnuithe riosca críochnúla comhréireacha agus coimircí láidre ag gabháil leis na bearta cúnaimh, agus ag an am céanna beifear in ann freagairt go mear ar choinbhleachtaí agus ar ghéarchéimeanna. Iarrann an Chomhairle go gcuirfí an tSaoráid Eorpach Síochána i bhfeidhm go pras agus iarrann sí ar na Ballstáit agus ar an Ardionadaí, le tacaíocht ó SEGS, tograí le haghaidh bearta cúnaimh a thíolacadh, agus aird chuí á tabhairt ar thosaíochtaí an Aontais le haghaidh gníomhaíochta mar a shainigh an Chomhairle Eorpach agus an Chomhairle iad, d'fhonn na chéad bhearta cúnaimh a chur chun feidhme ó mhí Iúil 2021. Meabhraítear don Chomhairle go bhfuil sé d'aidhm ag an tSaoráid Eorpach Síochána cumas na dtíortha comhpháirtíochta a neartú chun géarchéimeanna a chosc agus freagairt orthu, agus chun cur lena n-athléimneacht, chun go mbeidh siad in ann a ndaonra a chosaint ar bhealach níos fearr. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir go dtacaíonn an tSaoráid Eorpach Síochána e gnéithe míleata d'oibríochtaí tacaíochta síochána, i measc nithe eile, ach meabhraítear di nach maoineoidh sí cumais a chistítear faoi bhuiséad an Aontais agus go mbeidh an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – an Eoraip Dhomhanda bunriachtanach chun tacú, a mhéid is féidir, le gníomhaíochtaí a bhaineann le forbairt agus comhar i réimsí na

síochána agus na slándála, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as a colúin agus as a modúlachtaí, go háirithe cúnamh fothaithe acmhainneachta do ghníomhaithe míleata chun tacú leis an bhforbairt agus leis an tslándáil don fhorbairt (CBDSD). D'fhonn Cur Chuige Comhtháite an Aontais a fheabhsú a thuilleadh, iarrann sí go mbeadh dlúthchomhar rialta ann idir an Chomhairle, SEGS agus an Coimisiún chun comhlántacht a áirithiú agus chun aon dúbláil nó bearnaí a sheachaint, go háirithe idir ICFCI agus an tSaoráid Eorpach Síochána.

13. Cuireann an Chomhairle chun suntais go gcaithfidh an tAontas pleanáil agus ceannas níos éifeachtúla a bheith aige. I ndáil leis an méid sin, athdhearbhaíonn sí a thábhachtaí atá an Cumas Míleata Pleanála agus Seolta (MPCC). Meabhraítear don Chomhairle gur gá a áirithiú go mbeidh foireann leordhóthanach ann trí ranníocaíochtaí ó na Ballstáit agus go dtabharfar aghaidh, a luaithe is féidir, ar riachtanais bhonneagair agus ar riachtanais shlána chumarsáide atá fós ag MPCC. Fillfidh an Chomhairle ar an tsaincheist sin faoi mhí na Samhna 2021 ar a dhéanaí agus é mar aidhm aici bealach chun cinn a chomhaontú.

Cuireann sí chun suntais freisin a thábhachtaí atá Cumas Sibhialtach Pleanála agus Seolta (CPCC), agus an iarracht níos leithne, lena n-áirítear tríd an gComhaonad um Chomhordú Tacaíochta (JSCC), chun ról an Aontais mar sholáthraí slándála sibhialta agus míleata a fheabhsú.

14. Aithníonn an Chomhairle freisin go bhfuil bainistiú géarchéime sibhialtach níos ábhartha ná riamh maidir leis an méid tábhachtach a chuireann sé le hathchóiriú, le cobhsaíocht agus leis an smacht reachta in earnáil na slándála, rud a chabhraíonn le tíortha aíochta freisin úinéireacht áitiúil a chur chun cinn. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn foriomlán a rinneadh maidir le Comhshocrú Sibhialtach CBSC a chur chun feidhme, lena ndírítear ar chumas sibhialtach CBSC a dhéanamh níos éifeachtaí, níos solúbtha, níos freagrúla, agus níos comhtháite le gníomhaithe eile de chuid an Aontais. Aithníonn sí freisin an dul chun cinn dearfach atá déanta ag SEGS agus ag seirbhísí an Choimisiúin ar leibhéal an Aontais agus ag na Ballstáit ar an leibhéal náisiúnta agus iarrann sí go mbeadh próiseas forbartha an chumais shibhialtaigh níos struchtúrtha agus níos straitéisí, lena n-áirítear trí oiliúint ábhartha agus trí fheabhas a chur ar shineirgí sibhialtacha agus míleata. Meabhraítear don Chomhairle gur gá infheictheacht CBSC sibhialtach a mhéadú chomh maith le dlús a chur leis na hiarrachtaí chun feabhas a chur ar chomhpháirtíochtaí a théann chun tairbhe an dá thaobh le heagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha agus le tíortha comhpháirtíochta a bhfuil na luachanna agus na cuspóirí céanna acu is atá ag an Aontas agus creat institiúideach an Aontais á urramú go hiomlán.

Ag féachaint do Chomhdháil Bhliantúil an Athbhreithnithe a thionólfar i mí na Samhna 2021, cuireann an Chomhairle in iúl go láidir go gcaithfidh na Ballstáit, SEGS agus seirbhísí an Choimisiúin leanúint de bheith ag obair chun comhshocrú sibhialtach CBSC a chur chun feidhme go hiomlán faoi thús an tsamhraidh 2023, ag díriú ar phointí marcála 2021 a chomhaontaigh an Chomhairle i mí na Nollag 2020. Aithníonn an Chomhairle go réiteofar freisin, le cur chun feidhme chomhshocrú sibhialtach CBSC, an bealach le haghaidh tuilleadh oibre, lena n-áirítear maidir le bainistiú géarchéime sibhialtach tar éis 2023.

15. Mar chuid de chomhar slándála agus cosanta agus bainistiú géarchéime an Aontais a neartú, cuireann an Chomhairle chun suntais iarrachtaí an Choláiste Eorpaigh um Shlándáil agus um Chosaint chun tuiscint níos fearr ar CBSC a chur chun cinn mar chuid ríthábhachtach de CBES i measc na mBallstát i réimse oiliúint agus oideachas CBSC, lena n-áirítear trí oiliúint réamh-imscartha a chur ar fáil do mhisin agus oibríochtaí CBSC agus trí theacht le chéile saineolaithe sibhialta agus inniúlachtaí oifigeach míleata.

**<u>Tionscnaimh chosanta an Aontais a neartú</u>**

16. Tá an Chomhairle ag tnúth le cur chun feidhme leanúnach an Bhuanchomhair Struchtúrtha (PESCO) i gcomhréir leis an treoir a tugadh in Athbhreithniú Straitéiseach PESCO i mí na Samhna 2020, go háirithe tríd an Moladh ábhartha ón gComhairle ina sonraítear na cuspóirí níos beaichte chun na gealltanais is ceangailtí a chomhlíonadh. Tá sí ag tnúth leis an athbhreithniú ar an gCinneadh ón gComhairle lena mbunaítear tacar coiteann rialacha rialachais do thionscadail PESCO faoi mhí na Samhna 2021. Leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé a áirithiú go mbeidh torthaí nithiúla ar thionscadail leanúnacha PESCO nó go mbainfidh siad an cumas oibríochtúil iomlán amach roimh dheireadh na chéad chéime eile de PESCO (2021-2025)[2]. Aontaíonn sí go gcaithfidh na Ballstáit atá rannpháirteach in PESCO comhlíonadh na ngealltanas uile is ceangailtí a fheabhsú, ag díriú go háirithe ar chur chuige comhoibríoch agus ar ullmhacht oibríochtúil, agus tá sí ag tnúth le tionscadail uaillmhianacha nua PESCO faoi mhí na Samhna 2021 agus torthaí agus moltaí CARD á gcur san áireamh chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh i réimsí oibríochtúla agus cumais, chomh maith le Tuarascáil Bhliantúil PESCO ón Ardionadaí bunaithe ar na Pleananna Náisiúnta Cur Chun Feidhme atá le cur i láthair faoi mhí Iúil 2021.

---

**2** Tionscadail dá dtagraítear in Aguisín 2 a ghabhann leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis na Conclúidí ón gComhairle maidir le hAthbhreithniú Straitéiseach PESCO 2020.

Ina theannta sin, is díol sásaimh don Chomhairle gur iarradh ar Cheanada, ar an Iorua agus ar na Stáit Aontaithe páirt a ghlacadh i dtionscadal PESCO maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata i gcomhréir leis na trí Chinneadh a ghlac sí, lenar cinneadh go gcomhlíonann a rannpháirtíocht sa tionscadal sin na coinníollacha ginearálta faoinar féidir cuireadh a thabhairt go heisceachtúil do thríú Stáit a bheith rannpháirteach i dtionscadail aonair PESCO, mar a leagtar amach i gCinneadh (CBES) 2020/1639 an 5 Samhain 2020. Ar bhonn eisceachtúil, d'fhéadfaí cuireadh a thabhairt do chomhpháirtithe a chomhlíonann na coinníollacha ginearálta sin páirt a ghlacadh i dtionscadail aonair PESCO amach anseo i gcomhréir leis an nós imeachta cuiridh atá i gCinneadh (CBES) 2020/1639, lena n-áirítear ar chinneadh d'aon toil ón gComhairle.

17. Is díol sásaimh don Chomhairle cur chun feidhme gasta an Cláir Eorpaigh Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta (EDIDP), go háirithe cistiú sé thionscadal déag ó ghlaonna 2019 ar thograí, lena n-áirítear naoi gcinn a bhaineann le tionscadail PESCO, rud a léiríonn comhleanúnachas feabhsaithe idir tionscnaimh chosanta an Aontais. Is fada leis an gComhairle freisin go nglacfar go gasta an cinneadh dámhachtana maidir le glaonna 2020 ar thograí, is díol sásaimh di an dul chun cinn atá déanta maidir leis an Réamhbheart maidir le Taighde Cosanta a chur chun feidhme agus maidir le tionscadail a sheoladh i ndáil le teicneolaíochtaí bunathraitheacha, i measc nithe eile. Is díol sásaimh di freisin gur glacadh an Rialachán maidir leis an gCiste Eorpach Cosanta (EDF) agus is fada léi go nglacfar clár oibre bliantúil uaillmhianach do 2021 a bheidh comhchuí le Tosaíochtaí Forbartha Cumas an Aontais a eascraíonn as an bPlean Forbartha Cumas. Tá ról lárnach ag an gCiste Eorpach Cosanta maidir le tacú le cumas iomaíochais, éifeachtúlachta agus nuálaíochta bhonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch na cosanta Eorpaí ar fud an Aontais, comhar trasteorann, teicneolaíochtaí bunathraitheacha agus rannpháirtíocht trasteorann fiontar beag agus meánmhéide (FBManna). Molann an Chomhairle don Choimisiún rochtain a éascú do FBManna agus do sholáthraithe neamhthraidisiúnta agus infheistíochtaí sa slabhra soláthair cosanta a chothú freisin. Iarrann sí freisin ar na Ballstáit agus ar na hinstitiúidí ábhartha leanúint dá gcuid oibre maidir le slándáil an tsoláthair le haghaidh táirgí agus teicneolaíochtaí cosanta a neartú agus a fheabhsú.

18. Is díol sásaimh don Chomhairle an Plean Gníomhaíochta maidir le sineirgí idir tionscail shibhialta, chosanta agus spáis a thíolaic an Coimisiún, lena n-urramaítear na bunúis dlí agus cineálacha éagsúla na gclár agus na dtionscnamh de chuid an Aontais faoi seach, lena n-áirítear cineál sibhialta Chlár Spáis an Aontais. Tríd an bPlean Gníomhaíochta sin a chur chun feidhme go tapa agus ina iomláine, i ndlúthchomhar leis na geallsealbhóirí ábhartha agus bunaithe ar chuimsitheacht na mBallstát uile, cabhrófar leis an Aontas a bheith chun tosaigh ó thaobh na teicneolaíochta de, a bhuí le bonn straitéiseach tionsclaíoch agus teicneolaíoch níos iomaíche, lena n-áirítear i réimse na slándála agus na cosanta, agus a bhuí le ról níos gníomhaí na ngnólachtaí nuathionscanta, FBManna agus RTOnna. Is fada leis an gComhairle freisin an Treochlár ón gCoimisiún atá ar na bacáin maidir le heochairtheicneolaíochtaí don tslándáil agus don chosaint, lena n-áirítear roghanna chun borradh a chur faoin taighde, faoin bhforbairt teicneolaíochta agus faoin nuálaíocht agus chun ár spleáchas straitéiseach i dteicneolaíochtaí criticiúla agus i slabhraí luacha a laghdú. Ba dhíol sásaimh don Chomhairle é, dá ndéanfaí, sna roghanna sin, na ceachtanna a foghlaimíodh ó chur chun feidhme PADR/EDIDP/EDF a chomhtháthú, a mhéid is féidir, de réir mar is iomchuí. Sa chomhthéacs sin, ba cheart go mbeadh obair na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint (GEC) maidir le teicneolaíochtaí criticiúla, lena n-áirítear tríd an gClár Oibre Uileghabhálach Straitéiseach um Thaighde (OSRA) agus trí na Príomhghníomhaíochtaí Straitéiseacha (KSAnna), ina hionchur úsáideach. Iarrann an Chomhairle freisin go dtreiseofaí an ról atá ag GEC maidir le nuálaíocht cosanta a chothú, lena n-áirítear teicneolaíochtaí bunathraitheacha, agus chuige sin, iarrann sí ar an Ardionadaí/Ceann na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint (HoA) roghanna a chur i láthair sa réimse deiridh sin faoi dheireadh 2021. Molann an Chomhairle do na Ballstáit agus d'institiúidí ábhartha an Aontais leanúint dá gcuid oibre maidir le slándáil an tsoláthair le haghaidh táirgí agus teicneolaíochtaí cosanta a neartú agus a fheabhsú. Molann sí don Bhanc Eorpach Infheistíochta féachaint an bhféadfaí céimeanna breise a ghlacadh d'fhonn tacú le hinfheistíochtaí i ngníomhaíochtaí taighde agus forbartha a bhaineann le cosaint.

19. Á athdhearbhú di a thábhachtaí atá sé comhleanúnachas a áirithiú i measc thionscnaimh éagsúla chosanta an Aontais, agus a gcarachtar éagsúil agus a mbunús dlí ar leith á n-urramú ag an am céanna, iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí, ag gníomhú dó freisin ina cháil mar Leas-Uachtarán ar an gCoimisiún agus mar HoA, an tríú tuarascáil a ullmhú maidir le hidirghníomhaíochtaí, idirnaisc agus comhleanúnachas i measc thionscnaimh chosanta an Aontais (CARD, PESCO, CEF) roimh shamhradh na bliana 2021.

**Athléimneacht a fheabhsú agus rochtain Eorpach ar choimíneachtaí domhanda a chur ar fáil**

20. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur gá athléimneacht an Aontais agus na mBallstát a neartú a thuilleadh chomh maith lena gcumas chun cur i gcoinne bagairtí hibrideacha, lena n-áirítear bréagaisnéis, trí ghníomhaíochtaí ábhartha a chur chun feidhme freisin i gcomhthéacs Straitéis an Aontais Slándála, na Straitéise Cibearshlándála agus an Phlean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach, agus é á áirithiú go mbainfear úsáid chomhordaithe chomhtháite as uirlisí atá ann cheana agus as uirlisí nua a d'fhéadfadh a bheith ann chun cur i gcoinne bagairtí hibrideacha ar leibhéal an Aontais agus na mBallstát, agus chun ullmhacht, feasacht staide agus acmhainneacht neamhspleách anailíse an Aontais a fheabhsú agus cuidiú le hathléimneacht na gcomhpháirtithe a mhéadú. Tá an Chomhairle meáite i gcónaí ar bhreathnú ar fhreagairtí ionchasacha i réimse na mbagairtí hibrideacha, lena n-áirítear, *inter alia*, freagairtí ar chur isteach eachtrach agus oibríochtaí tionchair, agus d'fhéadfaí bearta coisctheacha a chumhdach leis na freagairtí sin chomh maith le costais a fhorchur ar ghníomhaithe naimhdeacha stáit agus neamhstáit. Aithníonn sí freisin a thábhachtaí atá an tslándáil fheabhsaithe maidir leis an teileachumarsáid agus infheistíochtaí díreacha coigríche, laistigh de raon feidhme dhlí an Aontais agus an dlí náisiúnta. Is fada leis an gComhairle go ndéanfar dul chun cinn maidir le cur chun feidhme thionscnaimh Straitéis an Aontais Slándála maidir le cur i gcoinne bagairtí hibrideacha, amhail breithnithe gaolmhara a phríomhshruthú sa cheapadh beartais, bonnlínte athléimneachta earnála a shainaithint agus an t-ardán ar líne do bhearta ar leibhéal an Aontais chun cur i gcoinne bagairtí hibrideacha agus doiciméid ábhartha dhlíthiúla. Tugann an Chomhairle dá haire go n-aithnítear i Straitéis Aontais Slándála an Aontais an Chill Chomhtháthaithe in aghaidh bagairtí Hibrideacha de chuid EU INTCEN mar phointe fócais do mheasúnuithe ar bhagairtí hibrideacha agus tá sí ag súil le torthaí an dara céim den Suirbhé ar an Riosca Hibrideach bunaithe ar ionchur ó na Ballstáit agus ó institiúidí agus comhlachtaí ábhartha an Aontais araon agus iarrann sí ar an gCoimisiún, in éineacht le hinstitiúidí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais, rannchuidiú leis an suirbhé de réir mar is iomchuí[3]. Á mheabhrú di na Conclúidí uaithi ó mhí an Mheithimh 2020, athdhearbhaíonn an Chomhairle gur gá slándáil institiúidí agus chomhlachtaí an Aontais a neartú i gcoinne gníomhaíochtaí mailíseacha den uile chineál.

[3] Gníomhaíocht 1 den Chreat Comhpháirteach

21. Aithníonn an Chomhairle gur minice anois atá coimíneachtaí domhanda (lena n-áirítear an spás, an cibearspás agus an mhórmhuir) faoi réir iarrachtaí aontaobhacha i ndáil le leithreasú, rialú rochtana agus iompraíocht choinbhleachta agus tá sí meáite ar rochtain Eorpach shlán ar na coimíneachtaí domhanda sin a áirithiú. Dá bhrí sin, tá géarghá, maidir leis an méid sin, le tuilleadh machnaimh agus céimeanna suntasacha chun tosaigh in iarrachtaí an Aontais, de réir mar is iomchuí, chun leasanna agus luachanna an Aontais a chur chun cinn, mar aon le hord domhanda riailbhunaithe, agus i réimse na slándála agus na cosanta freisin.

22. Á mheabhrú di na conclúidí uaithi ó mhí an Mhárta 2021 maidir le Straitéis Chibearshlándála an Aontais don Deacáid Dhigiteach, cuireann an Chomhairle i dtreis gur gá cumais chibearshlándála agus chibearchosanta an Aontais a neartú a thuilleadh. Tá an Chomhairle ag súil leis an athbhreithniú atá le déanamh ar an gCreat Beartais Cibearchosanta agus ar an bhFís Mhíleata agus ar an Straitéis maidir leis an gCibearspás mar Réimse Oibríochtaí chun a áirithiú go ndéanfar an chibearshlándáil agus an chibearchosaint a chomhtháthú go hiomlán i mór-réimse na slándála agus na cosanta. Thairis sin, is díol sásaimh di na hiarrachtaí chun feabhas a chur ar shineirgí sibhialta-míleata agus ar chomhordú maidir leis an gcibearchosaint agus maidir leis an gcibearshlándáil. Aithníonn sí cur chun feidhme leanúnach Bhosca Uirlisí Cibearthaidhleoireachta an Aontais mar chéim thábhachtach chun cibearghníomhaíochtaí mailíseacha a chosc, a mhímhisniú, a dhíspreagadh agus chun freagairt orthu. Athdhearbhaíonn sí freisin go bhfuil sí tiomanta do réiteach díospóidí idirnáisiúnta sa chibearspás trí bhealaí síochánta chun baol na míthuisceana, an ghéaraithe agus na coinbhleachta, a d'fhéadfadh teacht as cibeartheagmhais, a laghdú. Thairis sin, iarrann an Chomhairle go ndéanfaí níos mó pléití cásbhunaithe ina ndíreofaí ar chibircheisteanna. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir freisin gur gá leanúint de na hiarrachtaí córais chumarsáide agus faisnéise rúnaicmithe agus neamhaicmithe atá stóinsithe, slán, athléimneach, inscálaithe agus idir-inoibritheach a fhorbairt laistigh d'institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus leis na Ballstáit.

23. Á mheabhrú di Conclúidí mhí Eanáir 2021 uaithi, is díol sásaimh don Chomhairle gur seoladh an cás píolótach maidir le coincheap na Láithreachtaí Muirí Comhordaithe i Murascaill na Guine agus, bunaithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh, a chuirfear i láthair i mí na Bealtaine 2021, scrúdóidh sí an bhféadfaí an coincheap sin a chur i bhfeidhm i réimsí leasa mhuirí eile a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, lena n-áirítear san Ind-Aigéan Ciúin, i gcomhréir leis na Conclúidí ón gComhairle an 16 Aibreán 2021 i ndáil le straitéis an Aontais maidir le comhar sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach, lena n-áirítear i gcomhar le comhpháirtithe ábhartha. Á chur san áireamh di gur gá an cás píolótach i Murascaill na Guine a chur chun

feidhme go hiomlán, fillfidh sé ar a chur chun feidhme faoi mhí Eanáir 2022. Thairis sin, iarrann an Chomhairle go ndéanfaí ról an Aontais mar sholáthraí slándála muirí domhanda a neartú a thuilleadh chun an dlí idirnáisiúnta a chur chun cinn, go háirithe Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige (UNCLOS), chun leasanna an Aontais a chosaint, chun an tsaoirse loingseoireachta a chaomhnú lena n-áirítear trí leas a bhaint as sócmhainní cabhlaigh Bhallstáit an Aontais i gcomhthéacs na taidhleoireachta muirí agus chun an comhar muirí le comhpháirtithe a dhoimhniú faoi chuimsiú Straitéis Slándála Muirí an Aontais agus phlean gníomhaíochta na straitéise sin. Cuireann sí i dtreis freisin gur gá cuairteanna Eorpacha níos rialta a dhéanamh ar chalafoirt ar fud an domhain mar ionstraim don chomhar agus don líonrú le tíortha comhpháirtíochta.

24. Athdhearbhaíonn an Chomhairle an tábhacht mhéadaitheach a bhaineann leis an spás do neamhspleáchas an Aontais agus a chuid Ballstát agus meabhraítear di go bhfuil an earnáil straitéiseach sin faoi réir brú tráchta, conspóide, teannais agus iomaíochta níos mó ná riamh. Sa chomhthéacs sin, cuireann sí i dtreis an ghné shlándála de Chlár Spáis an Aontais atá ar na bacáin agus ról an Ardionadaí, na mBallstát agus an Choimisiúin maidir le haghaidh a thabhairt ar na bagairtí a bhaineann leis. Iarrann an Chomhairle go ndéanfaí tuilleadh machnamh straitéiseach maidir le gnéithe spáis agus slándála agus cosanta an Aontais, agus cineál sibhialtach Chlár Spáis an Aontais á chur san áireamh. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir freisin rannchuidiú luachmhar Lárionad Satailítí an Aontais le CBES agus le CBSC, trína thacaíocht faisnéise geospásúil le pobal anailíse faisnéise an Aontais, le misin agus oibríochtaí CBSC, go háirithe le hOibríocht Irini, agus le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais, go háirithe ag tacú leis na Náisiúin Aontaithe, ESCE, leis an Eagraíocht um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW), agus leis na Ballstáit.

25. Is díol sásaimh don Chomhairle an comhaontú polaitiúil maidir leis an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa 2021-2027 agus tá sí ag súil leis na chéad ghlaonna ar thograí le haghaidh tionscadail dé-úsáide chun an bonneagar iompair a uasghrádú agus chun an tsoghluaisteacht shibhialtach agus mhíleata araon a fheabhsú. Iarrann sí go leanfaí de Phlean Gníomhaíochta an Aontais maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata a chur chun feidhme agus tá sí ag súil leis an tríú tuarascáil chomhpháirteach ar dhul chun cinn faoi dheireadh shamhradh 2021. Iarrann sí freisin go ndéanfaí tuilleadh machnaimh ar ghníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a dhéanamh, ar ghníomhaithe ábhartha agus ar spriocanna insoláthartha nua (i réimsí amhail an digiteáil, cibear-athléimneacht an bhonneagair agus na gcóras iompair a

mhéadú, úsáid na hintleachta saorga) chun an tsoghluaisteacht mhíleata laistigh den Aontas, agus lasmuigh de, a fheabhsú. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin an dul chun cinn a rinneadh maidir le soghluaisteacht mhíleata i gcomhthéacs PESCO, faoi chuimsiú GEC, agus ar bhonn náisiúnta, agus iarrann sí go ndéanfaí tuilleadh oibre maidir le dlús a chur le nósanna imeachta trasnaithe teorann, agus iad a shimpliú agus a chaighdeánú, agus cur chuige uile-rialtais á chur i bhfeidhm. Thairis sin, iarrann an Chomhairle go ndéanfaí níos mó pléití cásbhunaithe agus freachnamh maidir leis an tsoghluaisteacht mhíleata.

**<u>Comhpháirtíochtaí a threisiú</u>**

26. Cuireann an Chomhairle chun suntais luach na gcomhpháirtíochtaí chun rannchuidiú le hacmhainneacht an Aontais gníomhú agus an ról atá acu chun tacú le hord domhanda iltaobhach riailbhunaithe. Athdhearbhaíonn sí a thábhachtaí atá comhpháirtíochtaí i réimse na slándála agus na cosanta le heagraíochtaí comhpháirtíochta idirnáisiúnta agus réigiúnacha, lena n-áirítear na Náisiúin Aontaithe, ECAT, ESCE, an tAontas Afracach, Léig na Stát Arabach agus ASEAN, agus iarrann sí go háirithe go bhforbrófaí caidrimh dhéthaobhacha le tíortha comhpháirtíochta a thuilleadh, bunaithe ar chur chuige níos straitéisí agus níos saincheaptha agus ina ndíreofar ar chomhpháirtithe atá ar aon intinn leo agus a bhfuil na luachanna céanna acu is atá ag an Aontas, lena n-áirítear urraim don dlí idirnáisiúnta. Sa chomhthéacs sin, tá an Chomhairle ag súil le cur chun feidhme módúlachtaí feabhsaithe le haghaidh rannpháirtíocht tríú stáit i misin agus in oibríochtaí CBSC agus lánurraim á tabhairt do mhúnlú cinnteoireachta an Aontais, chomh maith lena neamhspleáchas cinnteoireachta. Áirítear leis sin, deiseanna chun feabhas a chur ar chomhroinnt thráthúil faisnéise, ar rannpháirtíocht in oiliúint agus i bhfreachnaimh, chomh maith le comhairliúcháin ag céim luath leis na comhpháirtithe ionchasacha a d'fhéadfadh rannchuidiú le misin agus oibríochtaí CBSC amach anseo.

27. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn suntasach atá déanta i ndáil le cur chun feidhme thosaíochtaí 2019-2021 AE-NA maidir le hoibríochtaí síochána agus bainistiú géarchéime, rud a d'fhág go raibh tacaíocht fhrithpháirteach ann idir misin agus oibríochtaí sa réimse, ach go raibh comhar feabhsaithe ann freisin, go háirithe maidir le hábhair a bhaineann leis an smacht reachta, leis an bpóilíneacht, agus leis an gclár oibre do mhná, don tsíocháin agus don tslándáil, agus chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe a bhaineann le rialú arm. Is céim thábhachtach é síniú Chreat-Chomhaontú na Náisiún Aontaithe agus an Aontais maidir le tacaíocht fhrithpháirteach chun feabhas a chur ar an gcomhar sa réimse sin. I bhfianaise na

gcomhairliúchán atá ar na bacáin maidir leis an gcéad sraith eile de thosaíochtaí AE-NA 2022-2024 agus ag tógáil ar an Tríú Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn, iarrann an Chomhairle go ndéanfaí an chomhpháirtíocht straitéiseach idir an tAontas agus na Náisiúin Aontaithe maidir le bainistiú géarchéime agus oibríochtaí síochána a threisiú agus a oiriúnú, chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus bearnaí slándála atá ag teacht chun cinn agus a sainaithníodh le linn ghéarchéim COVID-19 agus éifeachtacht ár misean agus ár n-oibríochtaí ar an talamh a mhéadú tuilleadh. Iarrann an Chomhairle ar SEGS tograí a thíolacadh maidir leis an gcéad sraith eile de thosaíochtaí 2022-2024 i mí Mheán Fómhair 2021.

28. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn suntasach a rinneadh maidir leis an gcomhar idir an tAontas agus ECAT ó síníodh Dearbhuithe Comhpháirteacha 2016 Vársá agus 2018 na Bruiséile agus cuireann sí i bhfios go láidir an tábhacht a bhaineann le comhpháirtíocht straitéiseach fheabhsaithe idir an tAontas agus ECAT, a threisíonn a chéile agus atá chun tairbhe don dá pháirtí, i réimsí leasa choitinn, agus é mar chuspóir foriomlán aici fíorchaidreamh cuiditheach a chothú idir eagraíochtaí. I bhfianaise na ndúshlán coiteann roimh an tslándáil Eora-Atlantach, athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá comhar treisithe idir an dá eagraíocht chun luachanna comhroinnte agus leasanna coiteanna slándála a chur chun cinn agus a chaomhnú. I ndáil leis an méid sin, athdhearbhaíonn sí gur príomhthosaíocht pholaitiúil de chuid an Aontais é cur chun feidhme mear inláimhsithe na nDearbhuithe Comhpháirteacha agus an tacair chomhchoitinn tograí agus athdhearbhaíonn sí go bhfuil an comhar idir an tAontas agus ECAT á dhéanamh i gcónaí agus lánurraim á tabhairt do phrionsabail na trédhearcachta, na cómhalartachta agus na cuimsitheachta agus do neamhspleáchas cinnteoireachta agus nósanna imeachta cinnteoireachta an dá eagraíocht. I bhfianaise chothrom cúig bliana shíniú Dhearbhú Comhpháirteach Vársá, molann an Chomhairle go ndéanfar tuilleadh oibre chun an dá Dhearbhú Chomhpháirteacha agus an tacar comhchoiteann de 74 thogra a chur chun feidhme, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit uile, agus lena rannpháirtíocht iomlán. Go háirithe, iarrann an Chomhairle go ndéanfaí dul chun cinn gasta chun an plean nua maidir le freachnaimh chomhthreomhara chomhordaithe a chur chun feidhme go huaillmhianach. Athdhearbhaíonn sí an gá atá le comhar oibríochtúil éifeachtach i gcomhréimsí imscartha, go háirithe idir Ceannasaíocht Mhuirí ECAT (MARCOM) agus EUNAVFOR Irini, agus iarrann sí go dtabharfaí i gcrích socrú riaracháin, ag tógáil ar an gcreat a baineadh amach le haghaidh Oibríocht Sophia. Ina theannta sin, cuireann an Chomhairle chun suntais an gá atá le hiarrachtaí athnuaite marthanacha i réimsí amhail an t-idirphlé polaitiúil, an tsoghluaisteacht mhíleata, cur i gcoinne bagairtí hibrideacha, lena n-áirítear an athléimneacht, an chibearshlándáil agus an chibearchosaint, agus fothú

acmhainneachta do chomhpháirtithe a threisiú. Thairis sin, aithníonn sí gur gá féachaint ar na deiseanna atá ann réimsí nua a shainaithint, i bpróiseas cuimsitheach, chun oibriú i gcomhar le chéile, agus inniúlachtaí agus cothromaíocht institiúideach an Aontais á n-urramú ag an am céanna. Thairis sin, athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé go mbeadh malartú faisnéise gan bhac idir an tAontas agus ECAT, ar bhealach cuimsitheach neamh-idirdhealaitheach, chun feabhas breise a chur ar an gcomhar idir an dá eagraíocht i ngach réimse comhaontaithe den idirghníomhaíocht chun sineirgí a chothú agus chun dúbailt neamhriachtanach a sheachaint. Tá an Chomhairle ag súil leis an séú tuarascáil ar dhul chun cinn atá ar na bacáin agus atá le tíolacadh go comhpháirteach ag an Ardionadaí/Leas-Uachtarán/HoA agus ag Ardrúnaí ECAT. Agus cineál éagsúil na n-eagraíochtaí éagsúla agus a bhfreagrachtaí agus a mballraíocht faoi seach á gcur san áireamh, agus neamhspleáchas cinnteoireachta an Aontais á urramú go hiomlán, aithníonn an Chomhairle a thábhachtaí atá comhleanúnachas idir na próisis mhachnaimh atá ar siúl san Aontas agus in ECAT.

29. Ag tógáil ar shocruithe riaracháin 2018 AE-OSCE, molann an Chomhairle forbairt a dhéanamh ar chomhar AE-ESCE a bheadh níos institiúidithe maidir le coinbhleachtaí a chosc agus bainistiú géarchéime.

30. Á athdhearbhú di na Conclúidí uaithi maidir leis an gcaidreamh idir an tAontas Eorpach agus na Stáit Aontaithe an 7 Nollaig 2020, cuireann an Chomhairle i dtreis go bhfuil comhpháirtíocht láidir thrasatlantach ríthábhachtach chun ár gcomhshlándáil, ár gcobhsaíocht agus ár rathúnas a áirithiú agus chun rannchuidiú leo agus athdhearbhaíonn sí gur cheart don Aontas Eorpach agus do na Stáit Aontaithe leanúint dá ndlúthchomhar agus den idirphlé eatarthu i réimse na slándála agus na cosanta agus a gcomhiarrachtaí a fheabhsú a thuilleadh, lena n-áirítear trí chomhpháirtíocht straitéiseach AE-ECAT, atá tairbheach don dá thaobh agus a threisíonn an dá thaobh, i réimsí an leasa choitinn faoi chuimsiú dhearbhú comhpháirteach Vársá 2016 agus dhearbhú comhpháirteach na Bruiséile 2018. Is díol sásaimh don Chomhairle gur foilsíodh na gnéithe a bhaineann leis an tslándáil agus leis an gcosaint sa Teachtaireacht Chomhpháirteach an 2 Nollaig 2020 dar teideal *A new EU-US agenda for global change* [Clár oibre nua AE-SAM don athrú domhanda]. Bunaithe ar luachanna comhroinnte, ar leasanna comhchoiteanna agus ar thionchar domhanda, meabhraítear don Chomhairle go bhfuil sí toilteanach páirt a ghlacadh in idirphlé rialta, cuimsitheach, straitéiseach, polaitiúil leis na Stáit Aontaithe. Sa chreat sin, tá sí ag súil le comhar agus struchtúr níos dlúithe, a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh agus le hidirphlé i réimse na

slándála agus na cosanta le riarachán nua SAM i réimsí amhail tionscnaimh shlándála agus chosanta faoi seach, dí-armáil agus neamhleathadh, tionchar na dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus teicneolaíochtaí bunathraitheacha, cibearchosaint, soghluaisteacht mhíleata, cur i gcoinne bagairtí hibrideacha lena n-áirítear bréagaisnéis, bainistiú géarchéime agus an caidreamh le hiomaitheoirí straitéiseacha. Ag tógáil ar rannchuidiú tábhachtach na Stát Aontaithe agus an Aontais leis an tslándáil thrasatlantach, lena n-áirítear trí thionscnaimh chosanta a rinneadh le déanaí, d'fhéadfaí comhar níos dlúithe a bheith ann trí idirphlé tiomnaithe den sórt sin. Ach an tAontas Eorpach a bheith níos láidre i réimse na slándála agus na cosanta, beidh an chomhpháirtíocht thrasatlantach níos láidre freisin.